Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2016**
**(OR. en)**

**13398/16**

**ENV 664**
**AGRI 555**
**DEVGEN 224**
**FORETS 55**
**PI 114**
**PECHE 377**
**RECH 291**
**ONU 116**
**CADREFIN 90**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Deireadh Fómhair 2016 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12988/16 |
| Ábhar: | An Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD):<br>a) Ullmhúchán don 13ú Cruinniú de chuid Chomhdháil na bPáirtithe (COP 13) in CBD (Cancún, Meicsiceo, 4-17 Nollaig 2016)<br>b) Ullmhúchán don 8ú Cruinniú de chuid Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht (COP-MOP 8) (Cancún, Meicsiceo, 4-17 Nollaig 2016)<br>c) Ullmhúchán don 2ú Cruinniú de chuid Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí (COP-MOP 2) (Cancún, Meicsiceo, 4-17 Nollaig 2016)<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis na cruinnithe CBD a luaitear thuas a ghlac an Chomhairle ag an 3491ú cruinniú dá cuid ar an 17 Deireadh Fómhair 2016.

**An Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD):**

**Ullmhúchán don 13ú cruinniú de chuid Chomhdháil na bPáirtithe (COP 13) in CBD (Cancún, Meicsiceo, an 4 Nollaig 2016 go dtí an 17 Nollaig 2016)**

**Ullmhúchán don 8ú Cruinniú de chuid Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar chruinniú na bpáirtithe i bPrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht (COP-MOP 8) (Cancún, Meicsiceo, an 4 Nollaig 2016 go dtí an 17 Nollaig 2016)**

**Ullmhúchán don dara cruinniú de chuid Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí (COP-MOP 2) (Cancún, Meicsiceo, an 4 Nollaig 2016 go dtí an 17 Nollaig 2016)**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

1. DEARBHAÍONN SÍ go bhfuil AE agus a Bhallstáit an-tiomanta do chur chun feidhme CBD agus a prótacal agus do chur chun feidhme na gcinntí a ghlac a gcomhlachtaí rialaithe, go háirithe an Plean Straitéiseach um Bithéagsúlacht 2011-2020 ('an plean straitéiseach') agus spriocanna bithéagsúlachta Aichi atá ann, agus an plean straitéiseach le haghaidh phrótacal Cartagena ar an mbithshábháilteacht don tréimhse 2011-2020;

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI glacadh Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) atá ann; Trína chur chun feidhme**,** agus trí Sprioc 14 agus Sprioc 15 a chur chun feidhme go háirithe**,** AITHNÍONN SÍ gur cheart go gcuirfí le cuspóirí CBD a bhaint amach, agus le spriocanna agus le cuspóirí a phlean straitéisigh a bhaint amach freisin; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhfuil tábhacht le cuspóirí CBD agus le cuspóirí an phlean straitéisigh chun na SDGanna a bhaint amach;

3. IS DÍOL SÁSAIMH di eagrú comhreathach COP 13, COP-MOP 2 agus COP-MOP 8 mar bhealach chun lánpháirtiú agus an tsineirgíocht idir CBD agus a prótacail a fheabhsú, agus IARRANN SÍ go gcuirfear tuilleadh feabhais ar éifeachtúlacht na struchtúr agus na bpróiseas faoi CBD agus faoina prótacail chun feasacht a mhéadú, cur chun feidhme a éascú agus cost-éifeachtúlacht a fheabhsú;

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI glacadh Chomhaontú Pháras ina ndéantar trácht ar a thábhachtaí atá sé sláine na n-éiceachóras go léir a áirithiú agus an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus beart á dhéanamh chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhféadfaí cur le cuspóirí CBD a bhaint amach trí Chomhaontú Pháras a chur chun feidhme agus vice versa;

5. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur tábhachtach tacaíocht fhrithpháirteach a thabhairt do chur chun feidhme chuspóirí CBD, chuspóirí a phlean straitéisigh, chuspóirí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac agus chuspóirí a phlean agus a chreata straitéisigh deich mbliana (2008-2018);

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI tionscnamh rialtas Stáit Aontaithe Mheicsiceo chun mír ardleibhéil a thabhairt isteach i gcomhthéacs COP 13 chun plé a dhéanamh ar bhealaí chun go ndéanfar príomhshruthú ar chaomhnú na bithéagsúlachta, ar úsáid inbhuanaithe a comhpháirteanna, agus ar an tairbhe a thig as úsáid na n-acmhainní géiniteacha a roinnt go cothrom cothromasach in earnálacha eile agus i gcur chun feidhme na SDGanna;

***CAIBIDIL I***

***An Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch***

*Dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Phlean Straitéisigh um Bithéagsúlacht 2011-2020*

7. Cé gur díol sásaimh di na hiarrachtaí a rinneadh agus an méid a baineadh amach cheana a aithnítear in Ionchas Domhanda na Bithéagsúlachta 4 (GBO-4), IS ÁBHAR MÓR IMNÍ DI an easpa dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an phlean straitéisigh chun an chuid is mó de spriocanna bithéagsúlachta Aichi a bhaint amach agus MEASANN SÍ, mar sin, gur cheart do gach páirtí agus páirtí leasmhar in CBD bearta níos mó a dhéanamh agus gur cheart do COP 13 cinntí nithiúla a dhéanamh;

8. CUIREANN SÍ IN IÚL gur gá do COP 13 a iarraidh go ndéanfadh fochuideachtaí de chuid an Choinbhinsiúin na bearta is gá chun obair leantach a dhéanamh ar an bplean straitéiseach reatha, tríd an réimse is leithne foinsí faisnéise agus eolais a chur san áireamh, lena n-áirítear measúnuithe arna ndéanamh ag an gClár Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais;

9. CUIREANN SÍ IN IÚL gur garsprioc thábhachtach é COP 13 chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean straitéisigh agus gur deis é chun leibhéal uaillmhéine a chur chun feidhme a ardú mar aon le gníomhaíochtaí a shainiú lena dtabharfar tacaíocht do chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe; maidir leis sin, ÁITÍONN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú chun comhchuibheas agus comhlántacht éifeachtach éifeachtúil a chinntiú chun na próisis sin a chur chun feidhme in AE agus ar fud an domhain;

10. CUIREANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le comhar a bheith ann idir comhaontuithe trádála ilpháirtí a bhaineann leis an mbithéagsúlacht, Coinbhinsiúin Rio, Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe agus comhlachtaí eile de chuid na Náisiún Aontaithe; CUIREANN SÍ I bhFÁTH, d'fhonn cur chun feidhme an phlean straitéisigh a fheabhsú, gur tábhachtach go leanfadh COP 13 den obair chun an tsineirgíocht, an comhchuibheas agus an comhar éifeachtach a fheabhsú i measc na gcoinbhinsiún a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus comhaontuithe trádála ilpháirtí eile trí uirlisí ábhartha agus trí mheán ábhartha freisin; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS gur gá roghanna gníomhaíochta a fhorbairt tuilleadh agus tús áite a thabhairt dóibh ar an leibhéal domhanda, lena n-áirítear trí threochlár;

*Príomhshruthú na bithéagsúlachta*

11. D'fhonn spriocanna bithéagsúlachta Aichi a bhaint amach faoi 2020, CUIREANN SÍ IN IÚL go bhfuil tábhacht nach beag leis an mbithéagsúlacht a phríomhshruthú sna hearnálacha agus sna beartais go léir, sa phleanáil uirbeach agus sa phleanáil réigiúnach, lena n-áirítear an phleanáil mhuirí agus chósta, agus san earnáil sláinte mar ghníomhaíochtaí trasearnála; AITHNÍONN SÍ gur príomhearnálacha iad an earnáil talmhaíochta, an earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe, earnáil na foraoiseachta agus earnáil na turasóireachta agus go bhfuil tionchar mór acu ar an mbithéagsúlacht agus ar na seirbhísí éiceachórais a sholáthraítear tríthi sin; GLACANN SÍ leis go bhfuil tionchar ag earnálacha eile ar an mbithéagsúlacht agus ar na seirbhísí éiceachórais a sholáthraítear tríthi, lena n-áirítear tionscail eastóscacha amhail tionscal na hola, tionscal an gháis agus tionscal na mianadóireachta, earnáil an fhuinnimh, earnáil an bhonneagair, earnáil na monaraíochta, agus earnáil na foirgníochta tráchtála agus na foirgníochta cónaithe, agus dá bhrí sin gur gá aghaidh a thabhairt orthu, freisin;

12. IARRANN SÍ ar CBD agus ar na Páirtithe ann na nithe seo a leanas a chur chun cinn: beartais a bheidh níos comhtháite ná mar a bhí, dreasachtaí leordhóthanacha agus cineálacha cur chuige praiticiúla amhail diansaothrú agus éagsúlú inbhuanaithe agus éiceolaíoch na talmhaíochta, na hagra-éiceolaíochta agus na feirmeoireachta orgánaí, ionas go bhféadfaí cur go héifeachtúil leis an mbithéagsúlacht agus leis na seirbhísí éiceachórais a sholáthraítear tríthi a chosaint agus a fheabhsú, agus le táirgeadh inbhuanaithe bia agus slándáil bia a chosaint agus a fheabhsú, freisin, agus an brú ar éiceachórais leochaileacha a laghdú, agus SPREAGANN SÍ AE agus a Bhallstáit na comhaontuithe déthaobhacha idirnáisiúnta is ábhartha a chur chun feidhme, lena n-áirítear an Conradh Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht;

13. MEASANN SÍ go gcuirtear deiseanna nua ar fáil tríd an mbithéagsúlacht a phríomhshruthú do na hearnálacha eacnamaíocha go léir, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach; CUIREANN SÍ I bhFIOS gur gá tuiscint níos fearr a bheith ag an lucht gnó ar na tairbhí a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe dá n-oibríochtaí agus do na seirbhísí éiceachórais a sholáthraítear tríthi; AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá ionstraimí dlí, dea-rialachas, lena n-áirítear comhionannas idir fir agus mná, agus cineálacha cur chuige deonacha chun an bhithéagsúlacht a phríomhshruthú in earnálacha ábhartha d'fhonn an chuntasacht agus an trédhearcacht a áirithiú; agus IARRANN SÍ ar lucht na hearnála gnó ról níos mó a bheith acu maidir le spriocanna bithéagsúlachta Aichi agus leis na SDGanna a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a bhaint amach agus cur leis sin, agus anailís a dhéanamh ar fheabhsuithe agus dua a chaitheamh leo agus tuairisc a thabhairt ar an tionchar atá acu, ar a ngníomhaíochtaí, agus ar a n-infheistíochtaí i ndáil leis an mbithéagsúlacht agus leis na seirbhísí éiceachórais a sholáthraítear tríthi, agus taithí agus dea-chleachtais a roinnt, e.g. faoi chuimsiú na n-ardán gnó agus bithéagsúlachta agus tionscnaimh eile, amhail an Prótacal maidir le Caipiteal Nádúrtha;

14. AITHNÍONN SÍ na straitéisí náisiúnta agus na pleananna gníomhaíochta atá acu maidir leis an mbithéagsúlacht agus sásraí ábhartha cistithe ó na foinsí uile mar phríomhionstraimí chun an bhithéagsúlacht a phríomhshruthú sna hearnálacha ábhartha go léir;

15. CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhfuil tábhacht le heolas traidisiúnta, le heolaíocht na saoránach agus le huirlisí eolasbhunaithe, amhail seirbhísí éiceachórais a mhapáil agus a mheasúnú agus cuntasaíocht an chaipitil nádúrtha, i gcás inarb iomchuí, sa bhithéagsúlacht a phríomhshruthú agus sna seirbhísí éiceachórais a sholáthraítear tríthi sna hearnálacha éagsúla agus sa chinnteoireacht;

16. ÁITÍONN SI ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cúrsaí bithéagsúlachta a phríomhshruthú tuilleadh i bhforbairt agus i gcur chun feidhme beartais earnálacha ar gach leibhéal, lena n-áirítear trí dhreasachtaí agus trí shásraí eile cistithe agus trí phróisis chinnteoireachta eile i gcomhréir le Cinneadh XII/3 de chuid COP in CBD maidir le slógadh na n-acmhainní, i gcomhréir le Dearbhú Pháras maidir le héifeachtacht na cabhrach agus maoiniú don fhorbairt agus i gcomhréir le clár oibre gníomhaíochta Addis Ababa; agus ÁITÍONN SÍ ar na Ballstáit leanúint den obair chun Sprioc Aichi 3 a bhaint amach maidir le dreasachtaí a chéimniú amach, lena n-áirítear fóirdheontais lena ndéantar dochar don bhithéagsúlacht, agus dreasachtaí dearfacha a fhorbairt chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe i ngach beartas earnála ábhartha faoi 2020;

17. CREIDEANN SÍ gur féidir cabhrú chun acmhainní a shlógadh d'fhonn an bhithéagsúlacht a chaomhnú tríd an mbithéagsúlacht a phríomhshruthú i bpríomhearnálacha eacnamaíocha agus forbartha agus ag an am céanna dul i ngleic leis na nithe is cúis le cailliúint na bithéagsúlachta agus ar an gcaoi sin na riachtanais ó thaobh acmhainní de a laghdú san fhadtéarma; Agus MEABHRAÍONN SÍ a thábhachtaí atá éifeachtúlacht acmhainní agus an geilleagar ciorclach i dtaobh cailliúint na bithéagsúlachta a laghdú agus an dul chun cinn i dtreo spriocanna bithéagsúlachta a chothú;

18. LEAGANN SÍ BÉIM ar ról tábhachtach na rialtas fonáisiúnta agus áitiúla agus na n-ionstraimí agus na dtionscnamh réigiúnacha agus foréigiúnacha, amhail an Coinbhinsiún ar chosaint na nAlp agus Coinbhinsiún Sléibhte Cairp i dtaobh an fhorbairt inbhuanaithe agus príomhshruthú na bithéagsúlachta a chur chun cinn i réigiúin shléibhtiúla, chomh maith le limistéir na bpol agus limistéir mhuirí trí OSPAR, HELCOM, trí Choinbhinsiún Barcelona agus trí Choinbhinsiún Bhúcairist agus tríd an gComhairle Artach chomh maith le heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh le feabhas a chur ar an gcomhar idir beartais bhithéagsúlachta agus mhuirí; agus IS DÍOL SÁSAIMH DI a gcuid gníomhaíochtaí ar dea-chleachtais iad i dtaobh an bhithéagsúlacht a phríomhshruthú thar earnálacha agus beartais éagsúla agus ag an am céanna an comhar idirnáisiúnta agus trasteorann a fheabhsú ina réigiúin faoi seach agus rannpháirtíocht réimse leathan geallsealbhóirí a mhéadú;

*Pailneoirí*

19. IS ÁBHAR MÓR IMNÍ DI staid an phailnithe agus na bpailneoirí faoi láthair agus amach anseo, go háirithe pailneoirí fiáine, atá riachtanach do chaomhnú na héagsúlachta bitheolaíche agus do chothabháil na n-éiceachóras talún nádúrtha agus na bpríomhsheirbhísí éiceachórais, amhail táirgeadh bia; agus IS DÍOL SÁSAIMH DI na moltaí a díorthaíodh ó mheasúnú téamach IPBES ar phailneoirí, ar an bpailniú agus ar tháirgeadh bia;

20. TATHANTAÍONN SÍ ar pháirtithe uile CBD agus ar na heagraíochtaí agus geallsealbhóirí ábhartha uile ar gach leibhéal gníomhú chun pailneoirí agus a ngnáthóga a chosaint d'fhonn a meath a mhaolú nó a stopadh, lena n-áirítear d'fhonn caillteanais airgeadais gaolmhara a sheachaint agus lena n-airítear trí straitéisí chun úsáid na lotnaidicídí sin a dhéanann dochar do phailneoirí a sheachaint nó a laghdú;

*An t-athrú aeráide*

21. LEAGANN SÍ BÉIM ar na hidirnaisc láidre idir beartais agus ionstraimí chun go mbainfear amach na cuspóirí do chaomhnú na bithéagsúlachta agus don úsáid inbhuanaithe, cuspóirí Chomhaontú Pháras don oiriúnú don athrú aeráide agus don mhaolú ar an athrú aeráide, agus na cuspóirí don athchóiriú éiceachórais, don tslándáil inbhuanaithe bia agus do laghdú na rioscaí tubaiste; agus TACAÍONN SÍ le forbairt na dtreoirlínte deonacha do cheapadh agus do chur chun feidhme na gcineálacha cur chuige bunaithe ar an éiceachóras don mhaolú, don oiriúnú agus do laghdú na rioscaí tubaiste ar féidir a oiriúnú do dhálaí náisiúnta agus ag a bhfuil an iliomad críoch don athrú aeráide agus don bhithéagsúlacht;

22. CUIREANN SÍ BÉIM ar ról bunúsach agus ar fheidhmeanna bunúsacha na n-éiceachóras talún, fionnuisce agus muirí, an bhonneagair ghlas agus na gcineálacha cur chuige bunaithe ar an éiceachóras agus na réiteach bunaithe ar an dúlra le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide, amhail bealaí cur chuige maolaithe agus oiriúnaithe i leith bainistiú dílis inbhuanaithe foraoisí agus le haghaidh laghdú rioscaí tubaiste ar gach leibhéal rialachais; AITHNÍONN SÍ na buntáistí iomadúla a chuirtear ar fail trí na gcineálacha cur chuige sin agus SPREAGANN SÍ na Ballstáit agus an Coimisiún leanúint den bhonn faisnéise a mhéadú agus de chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta, go háirithe na n-éiceachóras, a chomhtháthú sa phleanáil straitéiseach a dhéanann siad agus i gcur chun feidhme na mbeartas ábhartha aeráide agus fuinnimh, go háirithe maidir le cur chun feidhme iomlán Chomhaontú Pháras;

*Limistéir faoi chosaint agus athchóiriú éiceachórais*

23. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an rannchuidiú i ndáil le Sprioc Aichi 11 a bhaint amach a rinneadh trí Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais go dtí 2020 a chur chun feidhme iomlán, go háirithe gréasán Natura 2000 de na limistéir a dtugtar cosaint dóibh ar an talamh agus ar muir;

24. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá tosaíocht a thabhairt do chaomhnú, do chothabháil agus d'úsáid inbhuanaithe na n-éiceachóras talún, muirí agus uiscí intíre agus na ngnáthóg nádúrtha agus breacnádúrtha atá anois ann, agus an t-athchóiriú a bheith ina ghníomhaíocht chomhlántach seachas ina rogha eile ar chaomhnú na ngnáthóg sin atá anois ann agus a bhfuil stádas maith acu;

25. LEAGANN SÍ BÉIM ar a phráinní atá sé dlús a chur le gníomhaíochtaí athchóirithe éiceachórais chun Sprioc Bhithéagsúlachta Aichi 15 a bhaint amach, go háirithe i bhforaoiseacha, manghróibh, sceireacha coiréil agus i mbogaigh; agus AITHNÍONN SÍ an acmhainneacht agus an tábhacht a bhaineann le hathchóiriú éiceachórais mar phríomhghníomh lenar féidir cabhrú díghrádú na n-éiceachóras agus seirbhísí gaolmhara a aisiompú agus lena ngabhfaidh cuid mhór buntáistí; Ar an ábhar sin, TACAÍONN SÍ leis an bPlean Gníomhaíochta gearrthéarmach maidir le hAthchóiriú Éiceachórais arna moladh ag SBSTTA 20 mar chreat solúbtha ar féidir a chur in oiriúint do dhálaí náisiúnta;

*Slógadh acmhainní agus sásra airgeadais*

26. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur gá cur chun feidhme gach gné de straitéis agus spriocanna CBD i ndáil le slógadh acmhainní a neartú, lena n-áirítear trí acmhainní (airgeadais, daonna, teicniúla agus institiúideacha) a shlógadh ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, agus na hacmhainní atá ar fáil a úsáid go héifeachtach agus ar bhealach comhtháite;

27. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé, ó thaobh na trédhearcachta agus na cuntasachta de, cáilíocht agus cainníocht na tuairiscithe a fheabhsú maidir le slógadh acmhainní intíre, bearnaí agus riachtanais maoinithe, tosaíochtaí náisiúnta a leagan síos agus pleananna airgeadais, lena gcuirtear faisnéis bhonnlíne ar fáil d'infheistíochtaí a dhéanfar amach anseo, agus cuireann sí i dtreis nár cheart don tuairisciú intíre sin a bheith scartha ón tuairisciú maidir le sreafaí acmhainní airgeadais idirnáisiúnta a bhaineann leis an mbithéagsúlacht; agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún oibriú i dteannta a chéile chun an gealltanas idirnáisiúnta a chomhlíonadh maidir le hacmhainní airgeadais a shlógadh, ag meabhrú di nach dtugtar le tuiscint leis sin aon chomhaontú comhroinnte dualgas ar leith idir na Ballstáit agus/nó an tAontas Eorpach;

28. IARRANN SÍ go mbainfear úsáid éifeachtach as sineirgí le próisis ábhartha eile anuas ar an CBD don slógadh acmhainní, lena n-áirítear trí Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, agus iarrann sí go mbeidh comhleanúnachas ann le cineálacha ábhartha cur chuige faoi chomhlachtaí agus ionstraimí idirnáisiúnta eile lena n-áirítear Comhaontú Pháras agus comhaontuithe ábhartha eile;

29. IARRANN SÍ go gcuirfidh COP 13 treoir thábhachtach ar fáil don tsásra airgeadais, i bhfoirm creata ceithre bliana de chlárthosaíochtaí lena ndíreofar an tacaíocht ó Chiste Iontaobhais na hÁise do Thimpeallacht na Cruinne sa seachtú tréimhse athshlánaithe aici (2018-2022) agus ar an gcaoi sin, an aird chuí a thabhairt ar chomhairle a d'fhéadfadh teacht ó choinbhinsiúin eile a bhaineann leis an mbithéagsúlacht;

*Tuairisciú*

30. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé rochtain ar shonraí maidir le bithéagsúlacht a éascú agus torthaí tuairiscithe CBD a úsáid níos mó, uirlisí a fhorbairt don fhaireachán ar an mbithéagsúlacht agus tuairisciú go tráthúil faoin CBD; AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le treoirlínte oiriúnacha don séú tuarascáil náisiúnta mar phríomhbhonn don mheasúnú ar dhul chun cinn na bPáirtithe i ndáil le Spriocanna Bithéagsúlachta Aichi; agus CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá na measúnaithe réigiúnacha agus domhanda IPBES ar sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais mar ionchur suntasach sa GBO-5 agus mar bhonn don mheasúnú ar an dul chun cinn maidir leis an bplean straitéiseach;

31. IARRANN SÍ go mbeadh comhchuibhiú cothrom ar na próisis tuairiscithe agus comhsheasmhacht táscairí i measc na gcoinbhinsiún a bhaineann leis an mbithéagsúlacht, na n-eagraíochtaí agus na bpróiseas idirnáisiúnta agus na spriocanna sin de Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaineann leis an mbithéagsúlacht, agus SPREAGANN SÍ an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát faisnéis a chur ar fáil bunaithe ar thuairisciú CBD do tháscairí ábhartha na spriocanna forbartha inbhuanaithe; ar an gcaoi sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI Rún 2/17 arna nglacadh ag an dara cruinniú de Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe in 2016;

32. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur gá ualach breise tuairiscithe a sheachaint agus TACAÍONN SÍ le hailíniú tuairiscithe náisiúnta faoi CBD agus a chuid prótacal, lena n-áirítear trí na timthriallacha tuairiscithe a shioncranú, trí chur chuige coiteann i ndáil le formáid na dtuarascálacha náisiúnta agus trí na háiseanna atá ar fáil do thuairisciú sa Teach Imréitigh lárnach a chomhtháthú de réir a chéile;

33. SPREAGANN SÍ na Páirtithe chun athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir lena n-ionchur i dtaobh Spriocanna Bithéagsúlachta Aichi a bhaint amach agus iad ag baint úsáid as na huirlisí is iomchuí; AITHNÍONN SÍ go bhfuil breithniú fós á dhéanamh maidir le struchtúir nua athbhreithnithe agus tuairiscithe a fhorbairt agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá a n-éifeachtacht agus a luach breise a shainaithint go soiléir agus a mheas;

*An bhithéagsúlacht mhuirí agus chósta*

34. TACAÍONN SÍ leis an bpróiseas teicniúil agus eolaíoch i ndáil le cur síos a dhéanamh ar limistéir mhuirí shuntasacha éiceolaíochta agus bitheolaíochta (EBSAanna), faoi dhlínse náisiúnta agus ar limistéir nach gcumhdaítear faoi dhlínse náisiúnta, os rud é go gcuirtear uirlis úsáideach ar fáil leis do na Páirtithe le cabhrú Spriocanna Aichi a bhaint amach; agus AITHNÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann le bailchríoch a chur ar na próisis sin atá fós ag dul ar aghaidh, leis na nósanna imeachta a fheabhsú chun an cur síos ar EBSAanna atá ann cheana a mhodhnú agus leis an bpróiseas a éascú chun cur síos a dhéanamh ar EBSAanna nua;

35. MEASANN SÍ gur próiseas oscailte agus athraitheach é an próiseas i ndáil le cur síos a dhéanamh ar limistéir a chomhlíonann na critéir eolaíocha a comhaontaíodh do EBSAanna agus gur cheart do na geallsealbhóirí ábhartha uile a bheith rannpháirteach sa phróiseas sin agus measann sí gur cheart do na ballstáit lena mbaineann a bheith bainteach leis an gcur síos ar EBSAanna faoi dhlínse náisiúnta;

36. CUIREANN SÍ I bhFIOS a thábhachtaí atá sé go n-iarrfadh COP 13 go gcuirfeadh Rúnaí Feidhmiúcháin an CBD san áireamh sa stór na limistéir bhreise sin ar déanadh cur síos orthu mar limistéir a chomhlíonann na critéir do EBSAanna agus go gcuirfeadh sé an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig na heintitis ábhartha;

37. TACAÍONN SÍ le glacadh tuilleadh sonraíochtaí maidir leis an méid a leanas: (a) plean oibre deonach sonrach maidir leis an mbithéagsúlacht i limistéir fhuaruisce laistigh de raon feidhme dlínsiúil an Choinbhinsiúin; (d) aghaidh a thabhairt ar iarmhairt an smionagair mhuirí agus an torainn antrapaiginigh faoi uisce ar an mbithéagsúlacht mhuirí agus chósta; agus (c) pleanáil spásúlachta mhuirí don fhorbairt inbhuanaithe agus tionscaimh oiliúna, chomh maith leis an obair leanúnach chun bruscar mara agus micreaphlaisteach a chomhrac; agus IARRAN SÍ gníomhaíochtaí práinneacha chun go mbainfear amach laghdú inbhuanaithe i dtomhaltas málaí plaisteacha aonúsáide;

38. IS DÍOL SÁSAIMH DI próiseas leanúnach na Náisiún Aontaithe chun comhaontú nua cur chun feidhme a bheadh ceangailteach ó thaobh dlí de a chaibidliú faoi UNCLOS maidir le bithéagsúlacht mhuirí á caomhnú agus á húsáid go hinbhuanaithe i limistéir nach gcumhdaítear faoi dhlínse náisiúnta; agus AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá an fhaisnéis a bhailítear trí phróiseas EBSAanna don phróiseas leanúnach seo ag na Náisiún Aontaithe;

*Speicis choimhthíocha ionracha (IAS)*

39. TÁ SÍ AG SÚIL le sásraí a fhorbairt le go sainaithneofar modhanna nua féideartha le IAS a thabhairt isteach agus le go gcuirfear na modhanna sin in ord tosaíochta, agus le bearta coisctheacha a fhorbairt do IAS agus do IAS a d'fhéadfadh a bheith sa trádáil, lena n-áirítear an riosca a bhaineann leis an ríomhthráchtáil a laghdú, chomh maith le sásraí don mhalartú faisnéise, agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá uirlisí a oiriúnú, a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh chun cláir bhainistíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear rialuithe bitheolaíocha níos fearr i gcoinne IAS bunaithe ar mheasúnú iomchuí riosca;

40. IS DÍOL SÁSAIMH DI teacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Rialú agus Bainistiú Uisce Ballasta agus Dríodar Bád (Coinbhinsiún BWM) ar an 8 Meán Fómhair 2017, lena ndírítear ar leathadh na speiceas coimhthíoch ionrach ó longa a theorannú;

*Pobail dhúchais agus pobail áitiúla*

41. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mbaintear úsáid as an gcoincheap i ndáil le *toiliú faoi shaoirse, roimh ré agus feasach* i bhfóraim idirnáisiúnta eile faoi ionstraimí atá ceangailteach ó thaobh an dlí de agus iad siúd nach bhfuil; IS MAITH LÉI go n-úsáidtear an téarmaíocht '*Toiliú faoi shaoirse, roimh ré agus feasach*' sna treoirlínte deonacha, arna gcur i bhfeidhm i gcomhréir leis an dlí intíre do rannpháirtíocht na bpobal dúchais agus na bpobal áitiúla sna nósanna imeachta cinnteoireachta;

42. TACAÍONN SÍ le moltaí Phrótacal Cartagena chuig COP-MOP 8 agus moltaí Phrótacal Nagoya chuig COP-MOP 2 chun Cinneadh XII/12 F de Chomhdháil na bPáirtithe maidir le húsáid na téarmaíochta 'pobail dhúchais agus pobail áitiúla' a chur i bhfeidhm, *mutatis mutandis;*

43. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil feidhm ag úsáid na tearmeolaíochta 'pobail dhúchais agus pobail áitiúla', de réir phointe 2 (a), (b) agus (c) de Chinneadh XII/12 F *mutatis mutandis* maidir leis an dá Phrótacal;

<u>*Saincheisteanna cothrománacha a bhaineann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus a chuid prótacal*</u>

*Bitheolaíocht shintéiseach*

44. aithníonn sí an sainmhíniú oibríochtúil faoi mar a d'fhorbair an Sainghrúpa Ad Hoc Teicniúil (AHTEG) maidir le Bitheolaíocht Shintéiseach é; IARRANN SÍ go mbainfear feidhm as an sainmhíniú sin mar thúsphointe neamhcheangailteach le gur fusa a bheidh sé obair bhreise a dhéanamh i gcomhthéacs CBD; agus TÁ SÍ AG IARRAIDH go leanfaidh an AHTEG ar aghaidh le téarmaí tagartha nua bunaithe ar mholtaí ábhartha SBSTTA;

45. IS DÍOL SÁSAIMH DI gníomhaíochtaí idirsheisiúnacha an fhóraim oscailte ar líne agus an chonclúid ón sainghrúpa teicniúil ad hoc maidir le Bitheolaíocht Shintéiseach go bhfuil orgánaigh bheo a fhorbraítear trí chur i bhfeidhm reatha agus amach anseo na bitheolaíochta sintéisí cosúil le horgánaigh mhionathraithe bheo (LMOanna), mar atá sainithe i bPrótacal Cartagena; TACAÍONN SÍ leis an moladh ó AHTEG maidir le measúnú riosca agus bainistiú riosca faoi Phrótacal Cartagena chun próiseas a bhunú le treoir a fhorbairt maidir le measúnú riosca do LMOanna a fhorbraítear tríd an mbitheolaíocht shintéiseach i gcás go n-aithnítear bearnaí dá leithéid;

46. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé breithnithe socheacnamaíocha, cultúrtha agus eiticiúla a chur san áireamh agus taighde á dhéanamh ar éifeachtaí féideartha na bitheolaíochta sintéisí;

47. I dtaca le faisnéis faoi sheicheamh digiteach a úsáid ar acmhainní géiniteacha agus i dtaca leis an mbaint atá ag an méid sin le rochtain agus comhroinnt tairbhí agus i dtaca le haon phlé maidir le saincheisteanna maidir le rochtain agus comhroinnt tairbhí (ABS), CUIREANN SÍ I bhFIOS gur cheart do chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Nagoya plé le breithniú nó cinneadh ar bith a dhéantar maidir leis na saincheisteanna sin;

*Fothú acmhainní*

48. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann le fothú acmhainní i dtaca leis na Páirtithe a chumasú chun an plean straitéiseach a chur chun feidhme; IARRANN SÍ ar na Páirtithe agus ar na comhpháirtithe a gcuid riachtanas agus deiseanna a chur in iúl tríd an teach imréitigh (CHM) ar bhonn deonach mar aon le tuairisciú a dhéanamh ar na dea-chleachtais i ndáil le fothú acmhainní; TACAÍONN SÍ le fadú na hoibre a dhéanann an coiste neamhfhoirmiúil a thugann comhairle do CHM; agus IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin an Tionscnamh Bio-Bridge mar shaoráid do CBD lenar féidir riachtanais a mheaitseáil;

49. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sí tiomanta i gcónaí do thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí spriocdhírithe fothaithe acmhainní d'fhonn tuilleadh forbartha agus cur chun feidhme CBD agus na bPrótacal a ghabhann leis a éascú;

*Athbhreithniú feidhmiúil agus cúrsaí riaracháin*

50. CUIREANN SÍ I bhFIOS an tábhacht a bhaineann leis an athbhreithniú feidhmiúil ar an Rúnaíocht a thabhairt chun críche i gcomhréir le Cinneadh XII/32 agus le dréachtmholadh UNEP/CBD/SBI/1/L.6 agus cuireann sí i bhfios an tábhacht a bhaineann le buiséid réadúla a ghlacadh don Choinbhinsiún agus do na Prótacail a ghabhann leis, i gcomhréir leis na tosaíochtaí straitéiseacha, na feidhmeanna agus an clár oibre a comhaontaíodh i dtaca le cur chun feidhme éifeachtach CBD agus na bPrótacal a ghabhann leis.

## ***CAIBIDIL II***

### ***Prótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht***

51. LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le cur chun feidhme éifeachtach an Phrótacail ag na Páirtithe uile agus le dul chun cinn a dhéanamh maidir le réadú an phlean straitéisigh don tréimhse 2011-2020 a ghabhann leis, le leanúint den obair chun sineirgí, comhleanúnachas agus comhar éifeachtach ar gach leibhéal a fheabhsú agus de neart a chur leis an obair sin agus SPREAGANN SÍ na Páirtithe an bhithshábháilteacht a áireamh ina gcuid Straitéisí Náisiúnta agus Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta don Bhithéagsúlacht (NBSAPanna) agus ina gcuid beartas, pleananna agus clár arb ábhartha iad ó thaobh na hearnála agus na trasearnála de agus iarrann sí ar rialtais eile déanamh amhlaidh;

52. MEASANN SÍ gur gá dul chun cinn a dhéanamh maidir le tuarascálacha náisiúnta, TUGANN SÍ DÁ hAIRE agus IS ÁBHAR IMNÍ DI go bhfuil laghdú ar thíolacadh na dtríú tuarascálacha náisiúnta agus SPREAGANN SÍ na Páirtithe i bPrótacal Cartagena nár thíolaic a dtuarascálacha náisiúnta go fóill é sin a dhéanamh a luaithe is féidir, na Páirtithe nár thíolaic aon tuarascáil náisiúnta ó rinneadh Páirtithe díobh go háirithe;

53. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an anailís a rinneadh ar na tríú tuarascálacha náisiúnta agus an moladh ón bhFochomhlacht le haghaidh Cur Chun Feidhme (SBI) maidir leis an tríú measúnú agus an tríú athbhreithniú ar an bPrótacal agus maidir leis an meastóireacht mheántéarma ar an bplean straitéiseach agus IARRANN SÍ ar na Páirtithe, maidir leis an tréimhse den phlean straitéiseach atá fágtha, machnamh a dhéanamh ar thús áite a thabhairt do na cuspóirí oibriúcháin a bhaineann le forbairt a dhéanamh ar an reachtaíocht maidir le bithshábháilteacht, ar mheasúnú riosca, ar shainaithint orgánach mionathraithe beo, ar fheasacht an phobail agus ar oideachas agus oiliúint, chun go n-éascófar cur chun feidhme an Phrótacail;

54. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go gcláródh na Páirtithe uile an fhaisnéis uile is gá do chur chun feidhme éifeachtach an Phrótacail le Teach Imréitigh na Bithshábháilteachta chun go n-éascófar rochtain ar fhaisnéis faoin mbithshábháilteacht agus chun go gcuirfear feabhas ar mhalartú taithí;

55. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil measúnú riosca don chomhshaol ríthábhachtach ó thaobh cinntí a bhaineann le horgánaigh mhionathraithe bheo (LMO) agus IS DÍOL SÁSAIMH DI gníomhaíochtaí idirsheisiúnacha na bhfóram neamhshonraithe ar líne agus gníomhaíochtaí an tsainghrúpa theicniúil ad hoc (AHTEG) maidir le measúnú riosca agus bainistiú riosca;

56. IS DÍOL SÁSAIMH DI na gníomhaíochtaí i leith ceisteanna socheacnamaíocha a rinneadh le linn na tréimhse idirsheisiúnaí trí na fóraim ar líne agus trí obair an tsainghrúpa theicniúil ad hoc um cheisteanna socheacnamaíocha;

57. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá gníomhaíochtaí fothaithe acmhainní le haghaidh chur chun feidhme Phrótacal Cartagena agus, sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat agus ar an bPlean Gníomhaíochta fothaithe acmhainní ag COP-MOP 8 agus feabhas a chur orthu;

58. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur daingníodh Prótacal Forlíontach Nagoya-Kuala Lumpur ar Dhliteanas agus Sásamh le déanaí agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann lena theacht i bhfeidhm a bhrostú;

59. IARRANN SÍ ar COP-MOP 8 na céimeanna agus na cinntí a ghlacadh ar gá iad chun creat Phrótacal Cartagena a neartú agus a chur chun feidhme tuilleadh tríd an méid a leanas a dhéanamh:

a) na Páirtithe nár thíolaic a dtríú tuarascálacha náisiúnta nó tuarascáil iomlán go fóill a spreagadh chun é sin a dhéanamh a luaithe is féidir ag meabhrú go bhfuil maoiniú ar fáil ón Áis do Thimpeallacht na Cruinne (GEF) le haghaidh ullmhúchán na dtuarascálacha náisiúnta;

b) tacú leis an treoraíocht athbhreithnithe do mheasúnú riosca ar orgánaigh mhionathraithe bheo, ina n-ionchorpraítear feabhsúcháin a d'eascair as an tástáil a rinneadh ar an treoraíocht, agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbealach ar aghaidh ó thaobh tacú le cur chun feidhme fhorálacha an mheasúnaithe riosca agus an bhainistithe riosca faoi Phrótacal Cartagena ag na Páirtithe uile;

c) céimeanna iomchuí breise a mheas i dtaca le cuspóir oibriúcháin 1.7 den Phlean Straitéiseach le haghaidh Phrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht (2011-2020) i leith ceisteanna socheacnamaíocha;

d) féachaint faoi obair leantach iomchuí a dhéanamh ar an bhfaisnéis thiomsaithe sa réimse lena gcumhdaítear gluaiseacht trasteorann neamhbheartaithe LMOanna agus bearta éigeandála agus brath agus sainaithint LMOanna, agus sa réimse lena gcumhdaítear iompar agus úsáid srianta chomh maith.

***CAIBIDIL III***

***Prótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí***

60. IARRANN SÍ AR na Páirtithe in CBD nár dhaingnigh Prótacal Nagoya go fóill nó nár aontaigh leis go fóill é sin a dhéanamh agus SPREAGANN SÍ na Ballstáit nár dhaingnigh nó nár aontaigh leis go fóill leanúint dá n-iarrachtaí é sin a dhéanamh a luaithe is féidir; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS go rannchuidíonn cur chun feidhme éifeachtach Phrótacal Nagoya go díreach le spriocanna forbartha inbhuanaithe 2 agus 15 a bhaint amach agus go hindíreach le roinnt spriocanna eile a bhaint amach trí rannchuidiú le laghdú na bochtaineachta, cothromas, ceartas sóisialta agus bainistiú fónta comhshaoil;

61. IARRANN SÍ AR na Páirtithe uile sa Phrótacal neart a chur lena gcuid iarrachtaí Prótacal Nagoya a chur i bhfeidhm trí struchtúir ábhartha institiúideacha a bhunú agus trí bhearta reachtacha, riaracháin nó beartais a ghlacadh agus a chur chun feidhme, ag meabhrú go bhfuil maoiniú ar fáil ó GEF le haghaidh creataí dlíthiúla agus rialála agus nósanna imeachta riaracháin a bhunú lena n-éascaítear rochtain ar acmhainní géiniteacha agus comhroinnt tairbhí i gcomhréir le forálacha Phrótacal Nagoya;

62. CUIREANN SÍ I BHFIOS go bhfuil sé ríthábhachtach úsáid éifeachtach a bhaint as Teach Imréitigh ABS (ABS CH) chun go bhfeidhmeoidh Prótacal Nagoya go héifeachtach, agus mar sin SPREAGANN SÍ na Páirtithe uile an fhaisnéis faoi ABS CH a cheanglaítear le Prótacal Nagoya a fhoilsiú agus a nuashonrú agus SPREAGANN SÍ na Páirtithe agus na neamh-Pháirtithe an fhaisnéis uile atá ábhartha ó thaobh ABS, lena n-áirítear dea-chleachtais agus dea-thaithí, a chur ar fáil ar ABS CH; agus TACAÍONN SÍ le fadú na hoibre a dhéanann an Coiste Neamhfhoirmiúil Comhairleach maidir le ABS CH;

63. Agus í ag aithint gur uirlis thábhachtach é an tsásra comhlíonta a bunaíodh faoi Phrótacal Nagoya i dtaca le comhlíonadh an Phrótacail ag na Páirtithe a chur chun cinn agus i dtaca le haghaidh a thabhairt ar chásanna neamh-chomhlíonta, AITHNÍONN SÍ nach leor an taithí a fuarthas go nuige seo i gcur chun feidhme an Phrótacail chun tuiscint ghinearálta a fháil ar na dúshláin a bhaineann le comhlíonadh nó le riachtanais shonracha tacaíochta atá ag Páirtithe agus mar sin IS DÍOL SÁSAIMH DI na moltaí ón gCoiste Comhlíonta ina leith sin;

64. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur gá dálaí a chruthú chun go gcuirfear taighde chun cinn lena rannchuidítear le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe éagsúlacht na bitheolaíochta agus chun go spreagfar an taighde sin, agus MOLANN SÍ go ndéanfadh na Páirtithe don Phrótacal machnamh ar bhearta simplithe a dhéanamh i ndáil le rochtain ar acmhainní géiniteach chun críoch neamhthráchtála nuair a bheidh a reachtaíocht maidir le rochtain agus comhroinnt tairbhí nó a gceanglais rialála á bhforbairt agus á gcur chun feidhme acu;

65. IS DÍOL SÁSAIMH DI tionscnamh na hEagraíochta Domhanda Sláinte chun staidéar a dhéanamh ar an gcaoi a d'fhéadfadh cur chun feidhme Phrótacal Nagoya difear a dhéanamh do chomhroinnt na pataigine agus ar na himpleachtaí ó thaobh shláinte an phobail a d'fhéadfadh teacht as an gcomhroinnt sin;

66. IS DÍOL SÁSAIMH DI di an méid a bhain an grúpa saineolaithe de thátal as Airteagal 10 den Phrótacal, go háirithe maidir leis an tábhacht a bhaineann le cur chuige déthaobhach idir úsáideoirí agus soláthróirí, agus TACAÍONN SÍ leis an mbarúil gur cheart leas a bhaint as an gcur chuige déthaobhach a mhéid is féidir;

67. Tá SÍ RÉIDH chun rannchuidiú tuilleadh leis an obair shubstainteach a dhéantar ar bhearta ar an leibhéal idirnáisiúnta ar riachtanach iad le haghaidh chur chun feidhme an Phrótacail, obair amhail tuilleadh forbartha ar ABS CH, fothú acmhainní agus múscailt feasachta; agus CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil na hionstraimí tacaíochta atá i gclásail chonarthacha, sna dea-chleachtais, agus i gcóid iompair, i measc eile, ríthábhachtach le haghaidh chur chun feidhme éifeachtach Phrótacal Nagoya;

68. IS DÍOL SASAIMH DI moladh SBI maidir leis an athbhreithniú ar dhul chun cinn i leith Sprioc Bithéagsúlachta Aichi 16 maidir le Prótacal Nagoya; ATHDHEARBHAÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann le fothú acmhainní ar gach leibhéal ionas go mbeidh neamh-Pháirtithe in ann Prótacal Nagoya a dhaingniú agus go mbeidh na Páirtithe in ann é a chur chun feidhme ina iomláine; MEABHRAÍONN SÍ DI gur cheart fothú acmhainní a bhunú ar na riachtanais a chuireann Páirtithe a d'fhéadfadh a bheith ina dtairbhí in iúl agus ba cheart é a bheith i gcomhréir leis an gCreat Straitéiseach le haghaidh Fothú Acmhainní chun Tacú le Cur chun Feidhme Éifeachtach Phrótacal Nagoya; agus dá bhrí sin IARRANN SÍ ar Pháirtithe, ar neamh-Pháirtithe agus ar gheallsealbhóirí eile a gcuid riachtanas, taithí agus deiseanna a chur in iúl trí ABS CH agus tacú le fothú acmhainní trí ghníomhaíochtaí amhail an Tionscnamh Fothaithe Acmhainní de chuid ABS;

69. IARRANN SÍ AR na Páirtithe na tuarascálacha náisiúnta a éilítear faoi Airteagal 29 den Phrótacal a thíolacadh ar bhealach tráthúil agus AITHNÍONN SÍ go mbeidh tíolacadh tráthúil tuarascálacha náisiúnta ar cheann de na hionstraimí trínar féidir meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Phrótacail;

70. CUIREANN SÍ I bhFIOS an tábhacht a bhaineann le tacaíocht fhrithpháirteach a thabhairt do chur chun feidhme Phrótacal Nagoya agus an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht ar gach leibhéal chomh maith le hionstraimí idirnáisiúnta eile atá ábhartha maidir leis an bPrótacal.